RIALACHÁN (AE) 2023/334 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Feabhra 2023

lena leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh clóitiainídine agus tiaimeatocsam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1)(a), Airteagal 18(1)(b) agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás clóitiainídine agus tiaimeatocsam leagadh síos uasleibhéil iarmhar (MRLanna) in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (an 'tÚdarás') athbhreithniú ar na MRLanna sin i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ([2]) agus mhol sé MRLanna a fuarthas a bheith sábháilte do thomhaltóirí. Le Rialachán (AE) 2016/156 ón gCoimisiún ([3]) cuireadh na MRLanna sin isteach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Bhí roinnt de na MRLanna sin bunaithe ar uasteorainneacha iarmhar Codex (CXLanna) agus cuireadh isteach iad cheana féin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 trí leasuithe a rinneadh roimhe sin ([4]).

(2) An 11 Iúil 2015 ([5]) ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius (CAC) tacar nua CXLanna le haghaidh clóitiainídine agus tiaimeatocsam. Ós rud é gur mheas an tÚdarás go raibh siad sábháilte do thomhaltóirí san Aontas ([6]), cuireadh isteach iad i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 le Rialachán (AE) Uimh. 2017/671 ón gCoimisiún ([7]).

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2014. *Reasoned opinion on the review of the existing maximum residue levels (MRLs) for clothianidin and thiamethoxam according to Article 12 of Regulation (EC) No 396/2005* [Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana i gcás clóitiainídine agus tiaimeatocsam de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2014;12(12):3918, 120 lch. doi:10.2903/j.efsa.2014.3918.

([3]) Rialachán (AE) 2016/156 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2016 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh boscailide, clóitiainídine, tiaimeatocsam, foilpéid agus tolclófos-meitile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe, IO L 31, 6.2.2016, lch. 1.

([4]) Rialachán (AE) 441/2012 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2012 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh défheineasáite, défheintrine, boscailide, cadúsafos, clórantrainileapróil, clóratailinile, clóitiainídine, ciopróconasóil, deiltemheitrine, díceamba, défeanaconasóil, déineacap, eatocsasóil, feinpiorocsamáite, fluibeindé-aimíde, fluidhé-ocsainile, gliofosáite, meatalacsaile-M, meiptildéineacap, nóvalúrón, tiaimeatocsam agus trí-asafos i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 135, 25.5.2012, lch. 4).

([5]) Clár comhpháirteach FAO/EDS um chaighdeáin bhia, an Coimisiún Codex Alimentarius. Foscríbhinní III agus IV. An tOchtú Seisiún is Tríocha. An Ghinéiv, an Eilvéis, an 6-11 Iúil 2015.

([6]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Scientific support for preparing an EU position in the 47th Session of the Codex Committee on Pesticide Residues (CCPR)* [Tacaíocht eolaíoch chun seasamh ón Aontas Eorpach a ullmhú don 47ú Seisiún den Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí (CCPR)]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2015;13(7):4208, 178 lch. doi: 10.2903/j.efsa.2015.4208.

([7]) Rialachán (AE) 2017/671 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2017 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh clóitiainídine agus tiaimeatocsam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 97, 8.4.2017, lch. 9).

(3) Cuireadh clóitiainídin agus tiaimeatocsam isteach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([8]) an 1 Lúnasa 2006 agus an 1 Feabhra 2007, faoi seach, agus dá bhrí sin, roimh theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]). Leis na measúnuithe riosca is déanaí ([10])[,] ([11]) le haghaidh beach a rinne an tÚdarás faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir le nochtadh do na substaintí sin fuarthas, mar gheall ar a n-airíonna intreacha, go mbaineann rioscaí do-ghlactha do bheacha de dheasca clóitiainídin agus tiaimeatocsam a úsáid amuigh faoin aer, nó nach bhféadfaí na rioscaí sin a chur as an áireamh ar bhonn na sonraí atá ar fáil. Dá bhrí sin, le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/784 ([12]) agus 2018/785 ón gCoimisiún ([13]) cuireadh srian le formheas clóitiainídine agus tiaimeatocsam, faoi seach, chun nach n-úsáidfear iad ach i dtithe gloine buana, agus ceanglaíodh leo go bhfanfadh na barra i gceist i dteach gloine buan ar feadh a saolré iomláine.

(4) Tar éis ghlacadh na srianta sin, tarraingíodh siar gach iarratas ar fhormheas na substaintí gníomhacha clóitiainídin agus tiaimeatocsam a athnuachan. Dá bhrí sin, chuaigh formheas clóitiainídine in éag an 31 Eanáir 2019 agus chuaigh formheas tiaimeatocsam in éag an 30 Aibreán 2019.

(5) Ar bhonn mheasúnú riosca an Údaráis le haghaidh beach agus ar bhonn gach faisnéise ábhartha atá ar fáil, níl aon fhianaise ann faoi láthair a ligfeadh go measfaí go raibh aon úsáid a mbainfí as clóitiainídin ná as tiaimeatocsam amuigh faoin aer sábháilte do bheacha. Mar sin féin, féadfaidh táirgeoirí na substaintí, tráth ar bith, breis faisnéise a chur isteach, dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ar faisnéis í a léiríonn sábháilteacht do bheacha i leith clóitiainídin agus tiaimeatocsam a úsáid amuigh faoin aer. Dá gcuirfí isteach an fhaisnéis sin, dhéanfaí athbhreithniú uirthi laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear sa Rialachán sin. Go dtí seo, níor cuireadh isteach aon fhaisnéis den sórt sin.

(6) Tá baint dhíreach ag éifeachtaí díobhálacha clóitiainídine agus tiaimeatocsam ar bheacha le hairíonna intreacha na substaintí sin. Dá bhrí sin, ní dócha gur san Aontas amháin a bhfuil na rioscaí ann le haghaidh beach de dheasca úsáid na substaintí sin amuigh faoin aer.

(7) Tá corpas suntasach fianaise ann a léiríonn go bhfuil ról tábhachtach ag substaintí gníomhacha ar neoinicitíonóidigh iad, amhail clóitiainídin agus tiaimeatocsam, sa mheath atá tagtha ar bheacha agus ar phailneoirí eile ar fud an domhain. An tArdán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais maidir le pailneoirí, pailniú agus táirgeadh bia, tháinig sé ar an gconclúid sa tuarascáil mheasúnaithe uaidh in 2016 ([14]) go bhfuil éifeachtaí díobhálacha ag neoinicitíonóidigh (amhail clóitiainídin agus tiaimeatocsam) ar bheacha agus ar phailneoirí eile. Tá measúnú déanta ag an Tascfhórsa um Lotnaidicídí Sistéamacha de chuid an Aontais Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN) ar thionchar na neoinicitíonóideach ar an bhfiadhúlra ó bhí 2012 ann. Sa Mheasúnú Comhtháite Domhanda ar Thionchar Lotnaidicídí Sistéamacha ar Bhithéagsúlacht agus Éiceachórais (WIA), rinneadh scrúdú ar 1,121 staidéar eolaíoch agus léiríonn na torthaí go bhfuil na pobail

([8]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

([10]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Peer review of the pesticide risk assessment for bees for the active substance clothianidin considering the uses as seed treatments and granules* [Athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca le haghaidh beach maidir leis an substaint ghníomhach clóitiainídin i leith na n-úsáidí mar chóireálacha síl agus mar ghráiníní]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2018;16(2):5177.

([11]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; *Peer review of the pesticide risk assessment for bees for the active substance clothianidin considering the uses as seed treatments and granules* [Athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca le haghaidh beach maidir leis an substaint ghníomhach tiaimeatocsam i leith na n-úsáidí mar chóireálacha síl agus mar ghráiníní]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2018;16(2):5179.

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/784 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha formheasa le haghaidh na substainte gníomhaí clóitiainídin (IO L 132, 30.5.2018, lch. 35).

([13]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/785 ón gCoimisiún an 29 Bealtaine 2018 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha formheasa le haghaidh na substainte gníomhaí tiaimeatocsam (IO L 132, 30.5.2018, lch. 40).

([14]) IPBES (2016). *The assessment report of the Intergovernmental Science-Policy Platform on Biodiversity and Ecosystem Services on pollinators, pollination and food production*. S.G. Potts, V. L. Imperatriz-Fonseca, agus H. T. Ngo (eagarthóirí). Rúnaíocht an Ardáin Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais, Bonn, an Ghearmáin. 552 leathanach. https://doi.org/10.5281/zenodo.3402856.

pailneoirí an-leochaileach i leith na leibhéal truaillithe le neoinicitíonóidigh atá ann cheana agus gur dócha go mbeidh tionchair dhiúltacha bhitheolaíocha agus éiceolaíocha ar scála mór agus go forleathan acu ([15]). Comhthacaíodh an chonclúid seo le hathbhreithniú a rinneadh le déanaí ar an eolas eolaíoch atá ann cheana, athbhreithniú a léirigh go bhfuil úsáid neoinicitíonóideach ina phríomhchúis leis an meath atá ar an bpobal pailneoirí i réigiúin éagsúla den domhain ([16]).

(8) Ó cuireadh toirmeasc ar chlóitiainídin agus ar thiaimeatocsam a úsáid amuigh faoin aer san Aontas, chuir roinnt tíortha lasmuigh den Aontas srian freisin ar clóitiainídin agus tiaimeatocsam a úsáid chun pailneoirí, lena n-áirítear beacha, a chosaint ([17]), ([18]), ([19]). Tá tíortha eile ag déanamh athmheastóireacht faoi láthair ar a bhformheas ar na substaintí gníomhacha sin ([20]), ([21]), ([22]).

(9) Le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 leagtar síos forálacha a bhaineann le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus beatha de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ([23]). I gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Rialachán deireanach sin, le dlí an bhia saothrófar cuspóir ginearálta amháin nó níos mó i dtaca le hardleibhéal cosanta do bheatha agus do shláinte an duine agus cosaint leasanna na dtomhaltóirí, lena n-áirítear cleachtais chothroma i dtrádáil an bhia, agus cosaint sláinte agus folláine ainmhithe, cosaint sláinte plandaí agus cosaint an chomhshaoil á gcur san áireamh i gcás inarb iomchuí.

(10) Is ábhar imní atá ag dul i méid ar fud an domhain é go bhfuil an meath ar na pailneoirí ina bhagairt thromchúiseach ar an mbithéagsúlacht dhomhanda, ar an gcomhshaol agus ar an bhforbairt inbhuanaithe, agus ar chothabháil na táirgiúlachta talmhaíochta agus na slándála bia. De réir an Tionscnaimh Idirnáisiúnta do Chaomhnú agus d'Úsáid Inbhuanaithe Pailneoirí de chuid an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht ([24]), tá an pailniú ar cheann de na gníomhaíochtaí is tábhachtaí maidir leis an mbithéagsúlacht a chothabháil agus a chur chun cinn, mar aon leis an saol ar domhan go ginearálta. Bíonn go leor éiceachóras, lena n-áirítear agrai-éiceachórais agus dhá thrian de na mórbharra bia, ag brath ar phailneoirí ó thaobh cáilíochta nó táirgeachta de. Éilíonn Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO) go ndéanfar gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar phríomhchúiseanna an mheatha ar phailneoirí ar mhaithe le táirgeadh inbhuanaithe domhanda bia ([25]). Bianna

([15]) An Tascfhórsa um Lotnaidicídí Sistéamacha de chuid an Aontais Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN), an Choimisiúin um Marthanas Speiceas (SSC) agus an Choimisiúin um Bainistiú Eiceachóras (CEM). *Worldwide Integrated Assessment*. Tiomsachán d'ailt maidir le taighde ar eolaíocht an chomhshaoil agus ar thruailliú ó irisí eolaíocha a rinneadh athbhreithniú piaraí orthu, imleabhar 22, eagrán 1, Eanáir 2015.

([16]) *Neonic Insecticides and Invertebrate Species Endangerment*, Pierre Mineau. *Module in Earth Systems and Environmental Sciences*. 2021. https://www.sciencedirect.com/science/article/pii/B9780128211397001264.

([17]) Gníomhaireacht Rialála *Health Canada* maidir le Bainistiú Lotnaidí. Re-evaluation Decision RVD2019-05, Clothianidin and Its Associated End-use Products: Pollinator Re-evaluation. Pest Management Regulatory Agency an 11 Aibreán 2019 ISSN: 1925-0886.

([18]) Gníomhaireacht Rialála *Health Canada* maidir le Bainistiú Lotnaidí. Re-evaluation Decision RVD2019-04,. Thiamethoxam and Its Associated End-use Products: Pollinator Re-evaluation. Pest Management Regulatory Agency an 11 Aibreán 2019 ISSN: 1925-0886.

([19]) *Ministerio de Ganadería, Agricultura y Pesca de Paraguay. Resolución N° 503/019 DGSA Modificación de etiquetas para los Productos Fitosanitarios a base de los ingredientes activos Clotianidina, Imidacloprid, Tiametoxan y Clorpirifos*. Nollaig 2019.

([20]) Údarás na hAstráile maidir le Lotnaidicídí agus Táirgí Íocshláinte Tréidliachta. *Reconsideration of Neonicotinoid Approvals and Registrations. Commonwealth of Australia Gazette* Uimh. APVMA 23, Samhain 2019. https://apvma.gov.au/sites/default/files/apvma_gazette_23_19_november_2019.pdf.

([21]) Údarás na Nua Shéalainne um Chaomhnú an Chomhshaoil. *Application to decide whether there are grounds for reassessment of the neonicotinoids clothianidin, thiamethoxam, imidacloprid, thiacloprid, and acetamiprid (APP203949)*. Nollaig 2019. https://www.epa.govt.nz/assets/FileAPI/hsno-ar/APP203949/APP203949_Final_Neonicotinoids_Decision_16-12-2019.pdf.

([22]) Gníomhaireacht na Stát Aontaithe um Chaomhnú an Chomhshaoil. *Proposed Interim Registration Review Decision* Cás-Uimhreacha 7620 agus 7614. Uimhreacha Duillín EPA-HQ-OPP-2011-0865 agus EPA-HQ-OPP-2011-0581. Eanáir 2020.

([23]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos na prionsabail ghinearálta agus na ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia. IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

([24]) https://www.cbd.int/doc/decisions/cop-14/cop-14-dec-06-en.pdf.

([25]) FAO. 2019. *The State of the World's Biodiversity for Food and Agriculture*, J. Bélanger & D. Pilling (eagarthóirí). Measúnuithe ón gCoimisiún de chuid FAO maidir le hAcmhainní Géiniteacha do Bhia agus don Talmhaíocht. An Róimh. 572 lch. https://www.fao.org/3/CA3129EN/CA3129EN.pdf.

amhail torthaí, glasraí, cnónna agus síolta arb iad na príomhfhoinsí de mhicreachothaithigh is gá san aiste bia chun an baol a bhaineann le roinnt galar neamhtheagmhálach i ndaoine a chosc, bíonn siad ag brath go mór ar phailniú ([26]), ([27]). Dá bhrí sin, tá pailneoirí tábhachtach chun éagsúlacht a áirithiú san aiste bia agus chun an bhagairt ar bhithéagsúlacht sa chomhshaol domhanda a laghdú.

(11) Ós rud é gur ábhar imní idirnáisiúnta é an meath ar phailneoirí, ní mór don Aontas bearta a ghlacadh chun pobail pailneoirí ar fud an domhain, lena n-áirítear beacha, a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le substaintí gníomhacha, amhail na neoinicitíonóidigh clóitiainídin agus tiaimeatocsam. Ní leor an pobal pailneoirí a chaomhnú laistigh den Aontas amháin chun an meath domhanda ar phobail pailneoirí agus a éifeachtaí ar an mbithéagsúlacht, ar tháirgeadh talmhaíochta agus ar shlándáil bia, san Aontas freisin, a aisiompú.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 3(2)(d) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, bhí MRLanna le haghaidh clóitiainídine agus tiaimeatocsam bunaithe ar Dhea-Chleachtais Talmhaíochta (GAPanna) faoi mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2)(a) den Rialachán sin, inar cuireadh san áireamh, go háirithe, gnéithe maidir le héifeachtúlacht chun lotnaidí plandaí a chomhrac, agus cosaint an chomhshaoil agus na sláinte poiblí i gcomhthéacs údarú úsáid na dtáirgí cosanta plandaí ina bhfuil na substaintí sin. Rinneadh na MRLanna a d'eascair as na GAPanna sin a mheas ina dhiaidh sin agus fuarthas go raibh siad sábháilte do thomhaltóirí san Aontas. Is iomchuí anois an fhreagairt rialála a bhí ann go dtí seo a chomhlánú trí ghnéithe den chomhshaoil a chomhtháthú níos fearr inti, agus aird faoi leith á tabhairt ar cé acu an áirithítear nó nach n-áirithítear cosaint leordhóthanach don chomhshaol leis na GAPanna a úsáideadh roimhe seo mar bhonn chun MRLanna a leagan síos, de réir an eolais atá ann faoi láthair. Na GAPanna ina n-úsáidtear clóitiainídin agus tiaimeatocsam amuigh faoin aer, níl siad inghlactha i bhfianaise an eolais eolaíoch agus theicniúil atá ann faoi láthair, mar gheall ar an tionchar atá acu ar bheacha. Ó tharla go bhfuil meath ar phailneoirí ar fud an domhain, is gá a áirithiú freisin nach mbeidh iarmhair a eascraíonn ó GAPanna i dtráchtearraí a allmhairítear isteach san Aontas, ar GAPanna iad atá bunaithe ar úsáidí amuigh faoin aer de chlóitiainídin agus/nó tiaimeatocsam, ionas nach n-aistreofar éifeachtaí díobhálacha ar bheacha ó tháirgeadh bia san Aontas go táirgeadh bia in áiteanna eile ar domhan a allmhaireofar isteach san Aontas ansin ([28]). Is iomchuí sin chun a áirithiú go mbeidh na táirgí uile a tháirgfear nó a chaithfear san Aontas saor ó chlóitiainídin agus ó thiaimeatocsam agus nach mbeidh baint ag an táirgeadh le mortlaíocht pailneoirí. Ina fhianaise sin, CXLanna atá bunaithe ar GAPanna nach mbaineann an leibhéal iomchuí cosanta amach don Aontas, níor cheart foráil a dhéanamh maidir leo a thuilleadh mar MRLanna de bhun Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(13) Thairis sin, cúlghaireadh gach údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil clóitiainídin agus/nó tiaimeatocsam san Aontas. Is iomchuí, dá bhrí sin, na MRLanna comhfhreagracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a scriosadh, i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin i gcomhar le hAirteagal 14(1)(a).

(14) Dá bhrí sin, agus na tosca uile a bhaineann leis an ábhar atá á mheas i gcomhréir le hAirteagal 14(2) á gcur san áireamh, arna léamh i bhfianaise Airteagal 11 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena gceanglaítear nach 'foláir ceanglais chosaint an chomhshaoil a lánpháirtiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí an Aontais, go háirithe d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur ar aghaidh', ba cheart na MRLanna uile atá ann faoi láthair le haghaidh clóitiainídine agus/nó tiaimeatocsam mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a ísliú go dtí an Teorainn Chinnidh (LOD).

([26]) *Effects of decreases of animal pollinators on human nutrition and global health: a modelling analysis*. MR Smith, GM Singh, D Mozaffarian, SS Myers. *The Lancet* 386, Eagrán 10007; 2015. doi: 10.1016/S0140-6736(15)61085-6.

([27]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Plean Sáraithe Ailse na hEorpa. COM (2021) 44. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/TXT/?uri=COM%3A2021%3A44%3AFIN.

([28]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol]. COM (2020) 381. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020DC0381.

(15) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le LODanna a d'fhéadfaí a bhaint amach go hanailíseach le haghaidh gach táirge. Ba cheart na LODanna sin a liostú in Iarscríbhinn V i gcomhréir le hAirteagal 18(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(16) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.

(17) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir.

(18) Chun go mbeifear in ann margú, próiseáil agus tomhaltas táirgí a dhéanamh ar an ngnáthshlí, ba cheart foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo maidir le socrú idirthréimhseach i gcás táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas sula modhnaítear na MRLanna agus ar ina leith a léiríonn an fhaisnéis go gcoinnítear leibhéal ard cosanta don tomhaltóir ar bun i ndáil leis na táirgí sin a chomhlíonann na MRLanna atá ann cheana.

(19) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna modhnaithe ionas go mbeidh oibreoirí i dtríú tíortha, go háirithe i dtíortha is lú forbairt agus i dtíortha atá i mbéal forbartha, agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a thiocfaidh as an modhnú ar na MRLanna a chomhlíonadh. Is féidir coinne réasúnta a bheith leis go mbeidh oiriúnú den sórt sin ar chleachtais talmhaíochta curtha i gcrích tar éis dhá shéasúr fáis ar a laghad.

(20) Chun freastal ar riachtanais na trádála idirnáisiúnta, féadfar iarratais ar lamháltais allmhairiúcháin le haghaidh clóitiainídine nó tiaimeatocsam a chur isteach de bhun Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus ba cheart faisnéis ábhartha a sholáthar leo chun a léiriú go bhfuil na GAPanna atá i bhfeidhm maidir le húsáidí sonracha na substaintí gníomhacha sábháilte do phailneoirí. Dá gcuirfí isteach an fhaisnéis sin, dhéanfaí measúnú cás ar chás uirthi laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear sa Rialachán sin. I gcomhthéacs an mheasúnaithe ar iarraidh ar lamháltas allmhairiúcháin, má chuireann iarratasóir fianaise eolaíoch ar fáil nach mbeidh tionchar díobhálach ag úsáid na neoinicitíonóideach sin ar phailneoirí, má chomhlíontar na ceanglais uile, d'fhéadfadh an Coimisiún lamháltas allmhairiúcháin a leagan síos.

(21) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcónaí mar a bhí sular leasaíodh é leis an Rialachán seo maidir le táirgí a tháirgtear san Aontas nó a allmhairítear isteach san Aontas roimh an 7 Márta 2026.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 7 Márta 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 2 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II scriostar na colúin le haghaidh clóitiainídine agus tiaimeatocsam.

(2) in Iarscríbhinn V cuirtear isteach na colúin le haghaidh clóitiainídine agus tiaimeatocsam:

"Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	**Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo** [a]	**Clóitiainídin**	**Tiaimeatocsam**
(1)	(2)	(3)	(4)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**	**0,01** *	**0,01** *
0110000	**Torthaí citris**		
0110010	Seadóga		
0110020	Oráistí		
0110030	Líomóidí		
0110040	Líomaí		
0110050	Mandairíní		
0110990	Eile (2)		
0120000	**Cnónna crann**		
0120010	Almóinní		
0120020	Cnónna Brasaíleacha		
0120030	Cnónna caisiú		
0120040	Castáin		
0120050	Cnónna cócó		
0120060	Cnónna coill		
0120070	Macadaimia		
0120080	Cnónna peacáin		
0120090	Eithní cnónna péine		
0120100	Cnónna pistéise		
0120110	Gallchnónna		
0120990	Eile (2)		
0130000	**Torthaí póma**		
0130010	Úlla		
0130020	Piorraí		
0130030	Cainchí		
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach		
0130050	Locuatanna		
0130990	Eile (2)		

0140000	**Torthaí cloiche**		
0140010	Aibreoga		
0140020	Silíní (iad milis)		
0140030	Péitseoga		
0140040	Plumaí		
0140990	Eile (2)		
0150000	**Caora agus torthaí beaga**		
0151000	**(a) fíonchaora**		
0151010	Fíonchaora boird		
0151020	Fíniúnacha coiteanna		
0152000	**(b) sútha talún**		
0153000	**(c) torthaí cána**		
0153010	Sméara dubha		
0153020	Eithreoga		
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)		
0153990	Eile (2)		
0154000	**(d) torthaí beaga eile agus caora eile**		
0154010	Fraocháin		
0154020	Mónóga		
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)		
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)		
0154050	Mogóirí róis		
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)		
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil		
0154080	Caora troim		
0154990	Eile (2)		
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil**		
0161000	**(a) craiceann inite**		
0161010	Dátaí		
0161020	Figí		
0161030	Ológa boird		
0161040	Cumcuait		
0161050	Torthaí réaltúla		
0161060	Dátphlumaí Seapánacha		
0161070	Plumaí láva		
0161990	Eile (2)		
0162000	**(b) craiceann do-ite, é beag**		
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)		
0162020	Lítsíonna		

0162030	Páiseoga		
0162040	Piorraí deilgneacha		
0162050	Réalt-úlla		
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha		
0162990	Eile (2)		
0163000	**(c) craiceann do-ite, é mór**		
0163010	Abhacáid		
0163020	Bananaí		
0163030	Mangónna		
0163040	Papánna		
0163050	Pomagránaití		
0163060	Céiriomoighe		
0163070	Guábhaí		
0163080	Anainn		
0163090	Torthaí aráin		
0163100	Duraígh		
0163110	Úlla deilgneacha		
0163990	Eile (2)		
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**		
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**	**0,01** *	**0,01** *
0211000	**(a) prátaí**		
0212000	**(b) glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**		
0212010	Casabhaigh		
0212020	Prátaí milse		
0212030	Ionaim		
0212040	Ararút		
0212990	Eile (2)		
0213000	**(c) glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**		
0213010	Meacain bhiatais		
0213020	Meacain dhearga		
0213030	Soiliriac/soilire tornapa		
0213040	Meacain ragaim		
0213050	Bliosáin ghréine		
0213060	Meacain bhána		
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg		
0213080	Raidisí		

0213090	Salsabh		
0213100	Svaeideanna		
0213110	Tornapaí		
0213990	Eile (2)		
0220000	**Glasraí bleibíní**	0,01 *	0,01 *
0220010	Gairleog		
0220020	Oinniúin		
0220030	Seallóidí		
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil		
0220990	Eile (2)		
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**	**0,01** *	**0,01** *
0231000	**(a) Solanaceae agus Malvaceae**		
0231010	Trátaí		
0231020	Piobair		
0231030	Ubhthorthaí		
0231040	Ocra		
0231990	Eile (2)		
0232000	**(b) guird a bhfuil craiceann inite acu**		
0232010	Cúcamair		
0232020	Gircíní		
0232030	Cúirséid		
0232990	Eile (2)		
0233000	**(c) guird a bhfuil craiceann do-ite acu**		
0233010	Mealbhacáin		
0233020	Puimcíní		
0233030	Mealbhacáin uisce		
0233990	Eile (2)		
0234000	**(d) arbhar milis**		
0239000	**(e) glasraí eile a thugann torthaí**		
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**	**0,01** *	**0,01** *
0241000	**(a) praiseach bhlátha**		
0241010	Brocailí		
0241020	Cóilis		
0241990	Eile (2)		
0242000	**(b) praiseach chinn**		
0242010	Bachlóga Bruiséile		
0242020	Cabáistí cinn		
0242990	Eile (2)		

0243000	**(c) praiseach dhuilleach**		
0243010	Cabáistí Síneacha		
0243020	Cáil		
0243990	Eile (2)		
0244000	**(d) cálráibí**		
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**		
0251000	**(a) leitísí agus plandaí sailéid**	**0,01** *	**0,01** *
0251010	Ceathrúna uain		
0251020	Leitísí		
0251030	Searbháin muc		
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile		
0251050	Biolair thalún		
0251060	Ruachán Rómhánach		
0251070	Mustard dearg		
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)		
0251990	Eile (2)		
0252000	**(b) spionáistí agus duilleoga comhchosúla**	0,01 *	0,01 *
0252010	Spionáistí		
0252020	Puirsleáin		
0252030	Seardas/duilleoga biatais		
0252990	Eile (2)		
0253000	**(c) duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**	0,01 *	0,01 *
0254000	**(d) biolair uisce**	0,01 *	0,01 *
0255000	**(e) searbháin na Beilge**	0,01 *	0,01 *
0256000	**(f) luibheanna agus bláthanna inite**	**0,02** *	**0,02** *
0256010	Costóg		
0256020	Síobhas		
0256030	Duilleoga soilire		
0256040	Peirsil		
0256050	Sáiste		
0256060	Marós		
0256070	Tím		
0256080	Basal agus bláthanna inite		
0256090	Duilleog labhrais		
0256100	Dragan		
0256990	Eile (2)		
0260000	**Léagúim**	**0,01** *	**0,01** *
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)		
0260020	Pónairí (gan faighneoga)		

0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)		
0260040	Piseanna (gan faighneoga)		
0260050	Lintilí		
0260990	Eile (2)		
0270000	**Glasraí gais**	**0,01** *	**0,01** *
0270010	Lus súgach		
0270020	Cardúin		
0270030	Soilirí		
0270040	Finéal Fhlórans		
0270050	Bliosáin chruinne		
0270060	Cainneanna		
0270070	Biabhóg		
0270080	Péacáin bhambú		
0270090	Croíthe pailme		
0270990	Eile (2)		
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**	0,01 *	0,01 *
0280010	Fungais shaothraithe		
0280020	Fungais fhiáine		
0280990	Caonaigh agus léicin		
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**	0,01 *	0,01 *
0300000	**PISEÁNAIGH**	**0,01** *	**0,01** *
0300010	Pónairí		
0300020	Lintilí		
0300030	Piseanna		
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní		
0300990	Eile (2)		
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**	**0,01** *	**0,01** *
0401000	**Olashíolta**		
0401010	Ros lín		
0401020	Piseanna talún		
0401030	Síolta poipín		
0401040	Síolta seasamain		
0401050	Síolta lus na gréine		
0401060	Síolta ráibe		
0401070	Pónairí soighe		
0401080	Síolta mustaird		
0401090	Síolta cadáis		
0401100	Síolta puimcín		

0401110	Síolta cróch bréige		
0401120	Síolta borráiste		
0401130	Caimilín		
0401140	Síolta cnáibe		
0401150	Pónairí ricne		
0401990	Eile (2)		
0402000	**Olathorthaí**		
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola		
0402020	Eithní pailme ola		
0402030	Torthaí pailme oila		
0402040	Capac		
0402990	Eile (2)		
0500000	**GRÁNAIGH**	**0,01** *	**0,01** *
0500010	Eorna		
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile		
0500030	Arbhar Indiach/arbhar		
0500040	Muiléad coiteann		
0500050	Coirce		
0500060	Rís		
0500070	Seagal		
0500080	Sorgam		
0500090	Cruithneacht		
0500990	Eile (2)		
0600000	**TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB**		
0610000	**Taenna**	**0,05** *	**0,05** *
0620000	**Pónairí caife**	0,05 *	**0,05** *
0630000	**Insiltí luibhe ó**	0,05 *	0,05 *
0631000	**(a) bláthanna**		
0631010	Camán meall		
0631020	Roiseog		
0631030	Rós		
0631040	Seasmain		
0631050	Teile		
0631990	Eile (2)		
0632000	**(b) duilleoga agus luibheanna**		
0632010	Sú talún		
0632020	Rooibos		
0632030	Maité		
0632990	Eile (2)		

0633000	**(c) fréamhacha**		
0633010	Caorthann corraigh		
0633020	Ginsing		
0633990	Eile (2)		
0639000	**(d) aon chuid eile den phlanda**		
0640000	**Pónairí cócó**	0,02 *	0,02 *
0650000	**Carúib**	0,05 *	0,05 *
0700000	**LEANNLUSANNA**	**0,05** *	**0,05** *
0800000	**SPÍOSRAÍ**		
0810000	**Spíosraí ó shíolta**	0,05 *	0,05 *
0810010	Ainís		
0810020	Calaindí		
0810030	Soilire		
0810040	Lus an choire		
0810050	Cuimín		
0810060	Lus mín		
0810070	Finéal		
0810080	Feinigréag		
0810090	Noitmig		
0810990	Eile (2)		
0820000	**Spíosraí ó thorthaí**	0,05 *	0,05 *
0820010	Ilspíosra/pimeantó		
0820020	Piobar Szechuan		
0820030	Cearbhas		
0820040	Cardamam		
0820050	Caor aitil		
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)		
0820070	Fanaile		
0820080	Tamarain		
0820990	Eile (2)		
0830000	**Spíosraí ó choirt**	0,05 *	0,05 *
0830010	Cainéal		
0830990	Eile (2)		
0840000	**Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm**		
0840010	Liocras	0,05 *	0,05 *
0840020	Sinséar (10)		

0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 *	0,05 *
0840040	Meacain ragaim (11)		
0840990	Eile (2)	0,05 *	0,05 *
0850000	**Spíosraí ón mbachlóg**	0,05 *	0,05 *
0850010	Clóibh		
0850020	Caprais		
0850990	Eile (2)		
0860000	**Spíosraí ó phistil bláthanna**	0,05 *	0,05 *
0860010	Cróch		
0860990	Eile (2)		
0870000	**Spíosraí arail**	0,05 *	0,05 *
0870010	Maicis		
0870990	Eile (2)		
0900000	**PLANDAÍ SIÚCRA**	**0,01** *	**0,01** *
0900010	Fréamhacha biatas siúcra		
0900020	Cánaí siúcra		
0900030	Fréamhacha siocaire		
0900990	Eile (2)		
1000000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN**		
1010000	**Tráchtearraí ó**	**0,02** *	**0,02** *
1011000	**(a) mucra**		
1011010	Matán		
1011020	Saill		
1011030	An t-ae		
1011040	An duán		
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1011990	Eile (2)		
1012000	**(b) bó-ainmhí**		
1012010	Matán		
1012020	Saill		
1012030	An t-ae		
1012040	An duán		
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1012990	Eile (2)		
1013000	**(c) caoirigh**		
1013010	Matán		
1013020	Saill		
1013030	An t-ae		

1013040	An duán		
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1013990	Eile (2)		
1014000	**d) gabhar**		
1014010	Matán		
1014020	Saill		
1014030	An t-ae		
1014040	An duán		
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1014990	Eile (2)		
1015000	**(e) eachaí**		
1015010	Matán		
1015020	Saill		
1015030	An t-ae		
1015040	An duán		
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1015990	Eile (2)		
1016000	**(f) éanlaith chlóis**		
1016010	Matán		
1016020	Saill		
1016030	An t-ae		
1016040	An duán		
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1016990	Eile (2)		
1017000	**(g) ainmhithe talún feirme eile**		
1017010	Matán		
1017020	Saill		
1017030	An t-ae		
1017040	An duán		
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1017990	Eile (2)		
1020000	**Bainne**	**0,01** *	**0,01** *
1020010	Eallach		
1020020	Caoirigh		
1020030	Gabhar		
1020040	Capall		
1020990	Eile (2)		

1030000	**Uibheacha éan**	0,01 *	0,01 *
1030010	An chearc		
1030020	Lacha		
1030030	Géanna		
1030040	Gearg		
1030990	Eile (2)		
1040000	**Mil agus táirgí beachaireacht eile (7)**	0,05 *	0,05 *
1050000	**Débheathaigh agus Reiptílí**	0,01 *	0,01 *
1060000	**Ainmhithe inveirteabracha talún**	0,01 *	0,01 *
1070000	**Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**	0,01 *	0,01 *
1100000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)**		
1200000	**TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)**		
1300000	**TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)**		

* Léiríonn an (*) íosteorainn an chinnidh anailísigh

([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I"